# Cluiche na mBairneach



Cineál **moilisc** é an bairneach, a bhfuil gaol aige leis an seilide, an t-ochtapas, agus an scuid. Tá **sliogán** an-chrua aige, a chosnaíonn é in aghaidh **creachadóirí** agus cosa daoine, agus a choinníonn tais é.

Tosaíonn an bairneach amach mar **phlanctón**. A luaithe a fhaigheann sé áit dheas le socrú síos, fásann sé a shliogán, agus is é an sliogán sin a bheidh mar bhaile aige don chuid eile dá shaol.

Sa ghrúpchluiche réamhaclaíochta seo, foghlaimeoidh sibh ar bhealach spraíúil gníomhach faoi shaol agus nósanna an bhairnigh.

**Suíomh:** áit ghlan oscailte arféidir rith.


**Ábhair:** 4 chón (nó marcóirí eile); bratach agus/nó téad le bunáit a chur in iúl. (Is féidir a bheith seiftiúil le gach rud, amhail marcanna a dhéanamh sa ghaineamh nó rudaí a aimsíodh ar an trá a úsáid in ionad marcóirí, cuir i gcás)

## Céard a bheidh ag teastáil uait? Scéalaí/ceannasaí agus grúpa bairneach (cúigear leanaí nó níos mó; dá mhéad é is ea is fearr é)

## Céard atá le déanamh?

1. Ar an gcéad dul síos, glan gach guais amach as an áit. Socraigh "rian baile" (bunáit) ansin ag barr an limistéir, agus é mór go leor do na himreoirí go léir.

2. Scaip ceithre chón nó níos mó amach go fánach. Seasfaidh na cóin seo do "bhia".




Tabhair faoi deara: cuimhnigh gurb é atá sa rian baile ná áit ar an gcarraig, arna roghnú ag na bairnigh, a bhfilleann siad uirthi nuair a thránn an taoide.

3. Tosaíonn an ceannasaí ag tabhairt orduithe agus gníomhartha agus déanann na bairnigh na gníomhartha dá réir.

4. Filleann gach duine ar a rian baile ar dtús. Bainfidh na horduithe le saol an bhairnigh. Is é is aidhm leis ná a léiriú cé chomh sciobtha a athraíonn rudaí do chréatúir chladaigh ar nós an bhairnigh. Ba chóir don cheannasaí orduithe a thabhairt go tapa! Seo a leanas na horduithe agus na gníomhartha:

- *"Taoide lán":* Imigh ón rian baile agus bog thart ar limistéar an chluiche (Ná stop ag gluaiseacht!). Baineann sé seo leis an am a gcaitear ag sealgaireacht fad is a bhíonn taoide lán ann.

- *"Taoide thráite"*: Fill ar an rian baile (seo a dhéanann an fíorbhairneach nuair a thosaíonn an taoide ag trá).

- *"Bígí ag ithe":* Leag lámh ar phíosa bia (cón) agus tosaigh ag beathú trí thorann garbh a dhéanamh (seo an torann a dhéanann an bairneach atá ag beathú nuair a scríobann sé a theanga fhiaclach ar charraigeacha).

- *"Crosóga mara"*: Gread do chosa ar an talamh nó léim suas agus anuas (baineann sé seo leis an gcaoi a ndéanann an bairneach a chorp a ghreadadh ar an gcarraig chun é féin a chosaint in aghaidh crosóga mara)

- *"Roilleach"*: Téigh ar do ghogaide ar an talamh (baineann sé seo leis an gcaoi a bhfáisceann an bairneach é féin chun é féin a chosaint in aghaidh roilleach).

Agus sibh i mbun an chluiche seo, déanaigí iarracht sibh féin a chur in áit an bhairnigh agus faighigí amach an féidir libh smaoineamh ar aon dúshláin eile a chaithfidh siad a shárú (m.sh.: cosa daoine). Bíodh spraoi agaibh ag cruthú bhur ngníomhartha féin!